# Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

# National University of Ireland, Galway

## Ról agus Caidrimh Thuairiscithe agus Nósanna Imeachta Ceapacháin do Stiúrthóirí Institiúidí Taighde

### 1. Ról

Tá Stiúrthóir Institiúid Taighde freagrach as gnóthaí acadúla agus riaracháin na hInstitiúide. Ag cur an róil seo i gcrích, oibreoidh an Stiúrthóir leo seo a leanas, go háirithe

- An Leas-Uachtarán Taighde
- Déan an Choláiste a bhfuil an Institiúid cleamhnaithe go príomha leis
- Déin na gColáistí eile a bhfuil an Institiúid cleamhnaithe leo
- An Déan Staidéir Iarchéime
- Ceannairí grúpaí taighde laistigh den Institiúid
- Stiúrthóirí Institiúidí Taighde eile
- Boird ábhartha na hInstitiúide
- Coiste Feidhmiúcháin na hInstitiúide.

### 2. Freagrachtaí

Áirítear na réimsí seo a leanas ar fhreagrachtaí an Stiúrthóra, ach níl siad teoranta dóibh:

**Polasaí agus Pleanáil Acadúil**

- A chinntiú go gcuirfear Plean Straitéiseach na hInstitiúide agus Pleananna Feidhmiúcháin agus Pleananna Straitéiseacha agus Feidhmiúcháin na ngrúpaí taighde san Institiúid ar fáil agus i bhfeidhm ar bhonn tráthúil, laistigh de chreat Phlean Straitéiseach agus Straitéis Taighde na hOllscoile agus laistigh de Phleananna Straitéiseacha agus Feidhmiúcháin na gColáistí ábhartha, ag féachaint go cuí do na hacmhainní a bheidh ar fáil nó is dócha a bheidh ar fáil
- Feidhmiú Phleananna Straitéiseacha agus Feidhmiúcháin na hInstitiúide a threorú
- Tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil do Choláiste príomhchleamhnaithe na hInstitiúide agus do Choláistí ábhartha eile maidir le feidhmiú Phlean na hInstitiúide
- Cion a dhéanamh le forbairt agus le feidhmiú Phleananna Acadúla agus Straitéiseacha na hOllscoile, agus a Straitéis Taighde go háirithe
- A chinntiú, i gcomhar le Stiúrthóirí na nInstitiúidí Taighde eile, go mbeidh comhoibriú idir Institiúidí maidir le forbairt taighde.

**Gnóthaí Acadúla**

- Ceannaireacht a thabhairt don taighde laistigh den Institiúid, agus laistigh den Ollscoil féin
- Polasaí faofa na hInstitiúide a chur i bhfeidhm
- Tionscnaimh thaighde a aithint don Institiúid
- Cur le caighdeán an eispéiris a bhíonn ag mic léinn taighde atá bainteach leis an Institiúid, lena n-áirítear a chinntiú go gcuirtear Treoirlínte na hOllscoile do Chláir Chéime Taighde chun feidhme
- Oibriú le Ceannairí Grúpaí Taighde, tacú leo agus éascaíocht a dhéanamh dóibh chun Straitéis Taighde na hInstitiúide a fhorbairt agus a chur i gcrích
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chlár oibre Cheannairí na nGrúpaí Taighde do Bhord Bainistíochta na hInstitiúide.

**Bainistíocht na hInstitiúide**

Is éard atá i gceist le freagrachtaí bainistíochta an Stiúrthóra sraith de ghnáthfheidhmeanna oibríochta a bhaineann le riar agus le bainistiú mórinstitiúide taighde, lena n-áirítear freagracht as Foirgnimh, Trealamh, Airgeadas agus Pearsanra na hInstitiúide. Leagtar freagracht mhór ar an Stiúrthóir as riar agus as bainistiú na bhfeidhmeanna seo ó lá go lá. Chuige sin, dréachtóidh an Stiúrthóir nósanna imeachta cuí chun go bhfeidhmeoidh an Institiúid/an tIonad go héifeachtach agus go sábháilte. Áireofar an méid seo a leanas i measc na sainfhreagrachtaí:

- Maoirseacht ar chomhaltaí foirne tacaíochta a shannfar don Institiúid
- Spás agus croí-áiseanna a bhainistiú, i gcomhréir le polasaithe agus nósanna imeachta faofa na hOllscoile
- Na hacmhainní atá leithdháilte don Institiúid a bhainistiú, i gcomhréir le polasaithe agus nósanna imeachta faofa na hOllscoile
- Aighneachtaí buiséid na hInstitiúide a ullmhú, lena n-áirítear aighneachtaí foirne, lena gcur san aighneacht bhuiséid bhliantúil
- Aighneachtaí na hInstitiúide a ullmhú maidir le riachtanais trealaimh athfhilltigh agus chaipitil
- Aighneachtaí na hInstitiúide maidir le riachtanais infreastruchtúir na hInstitiúide a ullmhú
- Na saoráidí infreastruchtúir sin a thabharfaí don Institiúid a leithdháileadh, tar éis comhairliúchán cuí
- A chinntiú go bhfuil struchtúir chuí bainistíochta ann do gach clár taighde laistigh den Institiúid
- Freagracht as nósanna imeachta éifeachtacha maidir le dearbhú cáilíochta a fheidhmiú laistigh den Institiúid
- Freagracht as feidhmiú polasaithe agus nósanna imeachta chun rioscaí a bhainistiú, agus cloí leo

- Cruinnithe a ghairm do Bhoird ábhartha na hInstitiúide, agus sceideal na gcruinnithe sin a leagan amach mar eolas do gach comhalta den Institiúid.

**Eile**

- Dualgais eile a d'fhéadfadh Déan an Choláiste phríomhchleamhnaithe a shannadh dó/di.

## 3. Caidreamh Tuairiscithe

- Tá an Stiúrthóir freagrach do Dhéan Choláiste phríomhchleamhnaithe na hInstitiúide, faoin Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid.

## 4. Ról Ionadaíochta

- Déanann an Stiúrthóir ionadaíocht ar an Institiúid laistigh den Choláiste nó de na Coláistí, dá Scoileanna, agus laistigh den Ollscoil agus lasmuigh di.

## 5. Nósanna Imeachta Ceapacháin

5.1 Ar dháta nach déanaí ná sé mhí sula mbeidh folúntas ann, cuirfidh Déan Choláiste phríomhcleamhnaithe na hInstitiúide tús leis an bpróiseas earcaíochta don Stiúrthóireacht ábhartha

5.2 Seolfar fógra faoin bhfolúntas atá ag teacht chuig comhaltaí na gColáistí uile lena bhfuil an Institiúid cleamhnaithe, mar aon le doiciméad ina leagfar amach an ról agus na freagrachtaí a bhíonn ar Stiúrthóir Institiúide Taighde

5.3 Féadfaidh an Coláiste príomhchleamhnaithe a mholadh d’Údarás na hOllscoile gur cheart post Stiúrthóra a fhógairt go seachtrach. Má dhéanann sé amhlaidh, luafaidh sé an soláthar buiséid don phost, má líontar é lasmuigh den ollscoil, agus an soláthar atá le déanamh don té a cheapfar nuair a bheidh a t(h)éarma(í) mar Stiúrthóir curtha isteach aige/aici

5.4 Déanfar gairm ar iarratais faoi dháta dúnta nach déanaí ná 4 mhí sula mbeidh an folúntas ann

5.5 Tabharfar cuireadh do gach iarrthóir atá incháilithe chun

- Cur i láthair a dhéanamh, a dtabharfar cuireadh chuige do chomhaltaí uile Choláistí cleamhnaithe na hInstitiúide agus don Bhord Agallaimh, ina leagfaidh siad amach a n-iarrthóireacht agus a bpleananna don Institiúid

- Teacht chun agallaimh chuig Bord ar a mbeidh na daoine seo a leanas
- An tUachtarán (nó a ainmní)
- An Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid
- An Leas-Uachtarán Taighde

- Déan an Choláiste phríomhchleamhnaithe (Cathaoirleach)
- Beirt chomhaltaí den fhoireann acadúil arna n-ainmniú ag Bord na hInstitiúide
- measúnóir seachtrach (arna ainmniú ag an Uachtarán, tar éis dul i gcomhairle leis an Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, an Leas-Uachtarán Taighde agus Déan an Choláiste phríomhchleamhnaithe)

5.6 Molfaidh an Bord Agallaimh ainm an iarrthóra arb é a rogha é agus an t-ainm sin amháin don Choláiste príomhchleamhnaithe. Má ghlacann an Coláiste leis an tuairisc, déanfaidh an tUachtarán an ceapachán. I gcás ina ndiúltóidh an Coláiste tuairisc an Bhoird Agallaimh a ghlacadh, seolfar an tuarascáil chuig an gComhairle Acadúil agus, ina dhiaidh sin, má dhiúltaíonn an Chomhairle an tuarascáil a ghlacadh, chuig Údarás na hOllscoile le haghaidh cinneadh.

5.7 Nós Imeachta Athcheapacháin

Sa chás go gcuirfidh Stiúrthóir atá ag éirí as oifig in iúl do Dhéan an Choláiste phríomhchleamhnaithe, i scríbhinn, tráth nach déanaí ná ocht mí sula dtéann a t(h)réimhse oifige in éag, gur mian leis/léi an dara téarma a chaitheamh sa ról, déanfar an t-athnuachan ceapacháin sin bunaithe ar mholadh ón Meabhránaí agus Uachtarán Ionaid, ón Leas-Uachtarán Taighde agus ó Dhéan Choláiste phríomhchleamhnaithe an Choláiste sin. Má ghlacann an Coláiste leis an moladh, déanfaidh an tUachtarán an ceapachán. I gcás ina ndiúltóidh an Coláiste glacadh leis an moladh, seolfar an moladh chuig an gComhairle Acadúil agus, ina dhiaidh sin, má dhiúltaíonn an Chomhairle glacadh leis an moladh, seolfar chuig Údarás na hOllscoile é.

5.8 Incháilitheacht

Tá comhaltaí foirne laistigh de na Coláistí lena bhfuil an Institiúid cleamhnaithe go príomha, a bhfuil post Ollaimh, Ollaimh Phearsanta, Léachtóra Shinsearaigh nó Léachtóra (os cionn an bhaic nó faoina bhun) acu incháilithe, ar an gcoinníoll gur dearbhaíodh iad ina bpost, lena gceapadh mar Stiúrthóir ar Institiúid Taighde.

Téarma Oifige

Déanfar Stiúrthóirí Institiúidí Taighde a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus féadfar an tréimhse sin a athnuachan aon uair amháin ar feadh ceithre bliana eile.

*Is iad seo a leanas na hInstitiúidí Taighde a thagann faoi fhorálacha an doiciméid seo:

- An tIonad um Nuálaíocht agus um Athrú Struchtúrtha (CISC)
- Institiúid Uí Riain do Thaighde Comhshaoil, Muirí agus Fuinnimh
- Institiúid de Móra do Thaighde sna Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta
- An tIonad Náisiúnta Eolaíochta Innealtóireachta Bithleighis (NCBES).

Féadfaidh an Ollscoil a chinneadh go leasófaí an liosta am ar bith.